Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 10 Iúil 2025**
**(OR. en)**

**11271/2/25**
**REV 2**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0202 (NLE)**

**PECHE 201**

## NÓTA CLÚDAIGH

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 9 Iúil 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 370 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE<br>maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Phrótacail maidir le Cur Chun Feidhme (2025-2029) an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir Poblacht Dhaonlathach São Tomé agus Príncipe agus an Comhphobal Eorpach |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 370 final.

Faoi iamh: COM(2025) 370 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 9.7.2025
COM(2025) 370 final

2025/0202 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Phrótacail maidir le Cur Chun Feidhme (2025-2029) an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir Poblacht Dhaonlathach São Tomé agus Príncipe agus an Comhphobal Eorpach

GA GA

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Síníodh an Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh (CCI) idir Poblacht Dhaonlathach São Tomé agus Príncipe agus an Comhphobal Eorpach[1] an 30 Deireadh Fómhair 2007 agus tháinig sé i bhfeidhm an 29 Lúnasa 2011 ar feadh tréimhse 4 bliana. Tá an Comhaontú in-athnuaite go hintuigthe ar feadh tréimhsí 4 bliana, agus dá bhrí sin tá sé fós i bhfeidhm. Bhí Prótacal 5 bliana maidir le Cur Chun Feidhme an CCI ann roimhe seo: tháinig sé i bhfeidhm an 19 Nollaig 2019 agus chuaigh sé in éag an 18 Nollaig 2024.

Ar bhonn Chinneadh ón gComhairle an 10 Meán Fómhair 2024 lena n-údaraítear tús a chur le caibidlíocht thar ceann an Aontais Eorpaigh i dtaca le Prótacal nua maidir le Cur Chun Feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh le Poblacht Dhaonlathach São Tomé agus Príncipe, agus ar bhonn na dtreoracha caibidlíochta atá ann, rinne an Coimisiún caibidlíocht le rialtas Phoblacht Dhaonlathach São Tomé agus Príncipe ('São Tomé agus Príncipe'). Tugadh an chaibidlíocht sin i gcrích agus chuir na hidirbheartaithe inisealacha le Prótacal an 9 Aibreán 2025. Leis an bPrótacal nua, cumhdaítear tréimhse 4 bliana ó dháta an chur i bhfeidhm shealadaigh a leagtar síos in Airteagal 19 de, is é sin an dáta a shíníonn na Páirtithe é.

Is é is cuspóir don togra tabhairt i gcrích an Phrótacail Cur Chun Feidhme a údarú, i gcomhréir le hAirteagal 218(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

### • Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana

Is é príomhaidhm an Phrótacail nua creat nuashonraithe a sholáthar agus tosaíochtaí an Chomhbheartais Iascaigh athchóirithe agus a ghné sheachtrach á gcur san áireamh, d'fhonn leanúint leis an gcomhpháirtíocht straitéiseach idir an tAontas Eorpach agus São Tomé agus Príncipe i réimse an iascaigh agus í a threisiú.

Tugann an Prótacal deiseanna iascaireachta do shoithí de chuid an Aontais Eorpaigh i limistéar iascaireachta São Tomé agus Príncipe, i gcomhréir leis an gcomhairle eolaíoch is fearr atá ar fáil agus le rúin agus moltaí an Choimisiúin Idirnáisiúnta um Chaomhnú na dTuinníní Atlantacha (CICTA), laistigh de theorainneacha an bharrachais atá ar fáil. Bhunaigh an Coimisiún a sheasamh i bpáirt ar thorthaí meastóireachta a rinneadh ar an bPrótacal roimhe seo (2019-2024), agus ar mheastóireacht réamhbhreathnaitheach maidir le cé acu ar cheart nó nár cheart Prótacal nua a thabhairt i gcrích. Is saineolaithe seachtracha a thug faoi na measúnuithe sin. Ina theannta sin, is é is aidhm dó feabhas a chur ar an gcomhar idir an tAontas Eorpach agus São Tomé agus Príncipe chun beartas iascaigh inbhuanaithe a chur chun cinn agus chun acmhainn iascaigh a shaothrú ar bhealach freagrach i limistéar iascaireachta São Tomé agus Príncipe agus san Aigéan Atlantach, ar mhaithe leis na Páirtithe. Ina theannta sin, leis an gcomhar sin, cuideofar le dálaí oibre cuibhiúla a chur chun cinn le linn gníomhaíochtaí iascaireachta.

Leis an bPrótacal nua, déanfar foráil maidir le deiseanna iascaireachta sna catagóirí seo a leanas:

[1] IO L 205, 7.8.2007, lch. 36; Eli http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2007/894/oj

- 26 bhád saighne tuinníní;

- 9 mbád spiléireachta dromchla;

- soithí tacaíochta i gcomhréir le rúin ábhartha CICTA agus leis na teorainneacha a leagtar amach i reachtaíocht São Tomé agus Príncipe.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá caibidliú Prótacail nua maidir le Cur Chun Feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh le São Tomé agus Príncipe ina chuid de ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais i leith thíortha Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin (ESACC), agus cuirtear san áireamh ann go háirithe cuspóirí an Aontais maidir le fás eacnamaíoch inbhuanaithe, forbairt dhaonna agus shóisialta, an t-athrú aeráide a chomhrac, bainistiú inbhuanaithe acmhainní nádúrtha agus urraim do phrionsabail dhaonlathacha agus do chearta an duine.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Is é an bunús dlí Airteagal 43(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), lena mbunaítear an Comhbheartas Iascaigh, agus Airteagal 218(6) de, lena bhforáiltear go nglacfaidh an Chomhairle, ar thogra ón idirbheartaí, cinneadh lena dtugtar i gcrích an comhaontú idir an tAontas agus tríú tíortha, agus Airteagal 218(7) de, lena bhforáiltear go bhféadfaidh an Chomhairle údarú a thabhairt don idirbheartaí leasuithe ar an bPrótacal a fhormheas i gcás ina bhforálfar ann do leasuithe den sórt sin trí nós imeachta simplithe.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Tá an togra faoi chuimsiú inniúlacht eisiach an Aontais Eorpaigh.

- **Comhréireacht**

Tá an togra comhréireach leis an gcuspóir creat rialachais dlíthiúil, comhshaoil, eacnamaíoch agus sóisialta a bhunú le haghaidh gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanann soithí de chuid an Aontais in uiscí tríú tír, mar a leagtar amach in Airteagal 31 den Rialachán lena mbunaítear an Comhbheartas Iascaigh. Tá sé i gcomhréir leis na forálacha sin chomh maith leis na forálacha maidir le cúnamh airgeadais do thríú tíortha a leagtar síos in Airteagal 32 den Rialachán sin.

## 3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

In 2024, rinne an Coimisiún meastóireacht *ex post* ar Phrótacal 2019-2024 a ghabhann leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh a tugadh i gcrích le São Tomé agus Príncipe chomh maith le meastóireacht *ex ante* ar Phrótacal nua d’fhéadfaí a bheith ann[2]. Leagtar amach

[2] An Coimisiún Eorpach: Ard-Stiúrthóireacht na nGnóthaí Muirí agus na hIascaireachta, F&S, POSEIDON, Defaux, V. agus Caillart, B., *Évaluation rétrospective du Protocole de mise en œuvre de l’accord de partenariat dans le domaine de la pêche entre l’Union européenne et la République*

conclúidí na meastóireachtaí *ex post* agus *ex ante* sin i nDoiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin[3].

Thángthas ar an gconclúid sa mheastóireacht go bhfuil suim mhór ag earnáil iascaigh an Aontais an deis a bheith aici a gníomhaíocht a dhéanamh in São Tomé agus Príncipe agus go bhfuil Prótacal nua chun leasa an dá Pháirtí. Ina theannta sin, leis an bPrótacal nua, chuideofaí le faireachán, rialú agus faireachas a neartú agus chuideofaí le rialachas ar ghníomhaíochtaí iascaireachta sa réigiún a fheabhsú.

Maidir leis an Aontas, tá sé tábhachtach go gcoinneofaí ionstraim ar bun lena gceadófaí dlúthchomhar earnála le himreoir mór a bhfuil tionchar mór aige i rialachas aigéan ar an leibhéal fo-réigiúnach mar gheall ar mhéid an limistéir iascaireachta atá faoina dhlínse. Le neartú an chaidrimh le São Tomé agus Príncipe, beifear in ann comhghuaillíochtaí a thógáil faoi chuimsiú CICTA freisin. Ina theannta sin, i gcás chabhlach an Aontais Eorpaigh, ciallaíonn sé sin go gcoinneofar rochtain ar limistéar tábhachtach iascaireachta chun straitéisí saothraithe a chur i bhfeidhm faoi chreat dlí idirnáisiúnta ilbhliantúil. I gcás údaráis São Tomé agus Príncipe, is é an aidhm atá ann leanúint den chaidreamh leis an Aontas Eorpach chun rialachas na n- aigéan a neartú, tairbhe a bhaint as tacaíocht earnála thiomnaithe lena gcuirtear deiseanna maoinithe ilbhliantúla ar fáil, agus tionsclú earnáil an athchóirithe a chur ar bun trí bhíthin ghníomhaíocht na soithí, mar chuid d'éagsúlú a gheilleagair.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Mar chuid den mheastóireacht chuathas i gcomhairle leis na Ballstáit, le hionadaithe ar an earnáil, le heagraíochtaí idirnáisiúnta de chuid na sochaí sibhialta agus le córas riaracháin iascaigh agus ionadaithe ar shochaí shibhialta São Tomé agus Príncipe. Eagraíodh comhairliúcháin freisin i gcomhthéacs na Comhairle Comhairlí um an Iascaireacht Fadraoin.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

D'úsáid an Coimisiún comhairleoir neamhspleách le haghaidh na meastóireachtaí *ex post* agus *ex ante*, i gcomhréir le forálacha Airteagal 31(10) den Rialachán lena mbunaítear an Comhbheartas Iascaigh.

- **Measúnú tionchair**

Neamhbhainteach.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Neamhbhainteach.

---

*démocratique de Sao Tomé-et-Principe et prospective d'un éventuel futur protocole – Rapport final,* Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2024, https://data.europa.eu/doi/10.2771/264668.

[3] DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN a ghabhann leis an doiciméad: Moladh le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena n-údaraítear tús a chur le caibidlíocht thar ceann an Aontais Eorpaigh i dtaca le Prótacal nua maidir le Cur Chun Feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh le Poblacht Dhaonlathach São Tomé agus Príncipe, agus i dtaca le leasuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an gComhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh nó ar théacs nua de Chomhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe (https://eur-lex.europa.eu/legal-content/FR/TXT/?uri=CELEX%3A52024SC0177&qid=1424957307348).

- **Cearta bunúsacha**

Leis an gcomhaontú a caibidlíodh, foráiltear maidir le clásal a bhaineann le hiarmhairtí na sáruithe ar na heilimintí fíor-riachtanacha d'Airteagal 9 de Chomhaontú Shamó[4], eilimintí a bhaineann le cearta daonna.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Is é EUR 825 000 an ranníocaíocht airgeadais bhliantúil, bunaithe ar na nithe seo a leanas:

a) méid bliantúil EUR 325 000 le haghaidh rochtain ar an acmhainn iascaigh i limistéar iascaireachta São Tomé agus Príncipe, atá coibhéiseach le tonnáiste tagartha 6 500 tona in aghaidh na bliana, maidir le speicis mhórimirceacha;

b) tacaíocht do bheartas iascaigh earnála São Tomé agus Príncipe a fhorbairt, ar fiú EUR 500 000 in aghaidh na bliana í. Leis an tacaíocht sin, comhlíontar cuspóirí an Phlean Straitéisigh maidir le hIascach São Tomé agus Príncipe.

Déantar an méid bliantúil le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a bhunú le linn an nós imeachta bhuiséadaigh bhliantúil, lena n- áirítear an líne chúltaca le haghaidh prótacail nár tháinig i bhfeidhm go fóill ag tús na bliana[5].

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Déantar foráil maidir leis na socruithe faireacháin sa chomhaontú comhpháirtíochta iascaigh inbhuanaithe agus sa phrótacal chur chun feidhme a ghabhann leis.

---

4 Comhaontú Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Comhaltaí Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin, den pháirt eile (IO L, 2023/2862, 28.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2023/2862/oj).

5 I gcomhréir leis an gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le comhar in ábhair bhuiséadacha, pointe 20 (IO L 433 I, 22.12.2020, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2020/1222/oj).

2025/0202 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Phrótacail maidir le Cur Chun Feidhme (2025-2029) an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir Poblacht Dhaonlathach São Tomé agus Príncipe agus an Comhphobal Eorpach

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(2) de, i gcomhar le hAirteagal 218(6)(a)(v) agus le hAirteagal 218(7), de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le Cinneadh [XXX] ón gComhairle an [...][1], síníodh an Prótacal maidir le Cur Chun Feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir Poblacht Dhaonlathach São Tomé agus Príncipe agus an Comhphobal Eorpach ('an Prótacal') an [….], faoi réir a thabhairt i gcrích dáta is faide anonn.

(2) Is é is cuspóir don Phrótacal é a chur ar a gcumas do shoithí de chuid an Aontais gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanamh i limistéar iascaireachta São Tomé agus Príncipe agus é a chur ar a gcumas don Aontas agus do Phoblacht Dhaonlathach São Tomé agus Príncipe oibriú níos dlúithe le chéile chun beartas iascaigh inbhuanaithe a fhorbairt, saothrú fónta acmhainne iascaigh i limistéar iascaireachta São Tomé agus Príncipe agus san Aigéan Atlantach a chur chun cinn, agus rannchuidiú le dálaí oibre cuibhiúla in earnáil an iascaigh.

(3) Ba cheart an Prótacal a fhormheas thar ceann an Aontais Eorpaigh.

(4) I gcomhréir leis na Conarthaí, is faoin gCoimisiún atá sé a áirithiú go dtabharfar an fógra dá bhforáiltear in Airteagal 20 den Phrótacal do São Tomé agus Príncipe thar ceann an Aontais, chun toiliú an Aontais a bheith faoi cheangal ag an bPrótacal a chur in iúl.

(5) I gcomhréir leis na Conarthaí, is faoin gCoimisiún atá sé freisin, i gcás inarb iomchuí, na fógraí dá bhforáiltear in Airteagail 12 agus 18 den Phrótacal a thabhairt.

(6) Le hAirteagal 9 den Chomhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir Poblacht Dhaonlathach São Tomé agus Príncipe agus an Comhphobal Eorpach ('an Comhaontú'), bunaítear Comhchoiste atá freagrach as faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Chomhaontaithe agus an Phrótacail Cur Chun Feidhme a ghabhann leis. Thairis sin, féadfaidh an Comhchoiste modhnuithe áirithe ar an bPrótacal a fhormheas. Ionas go n-éascófaí formheas na modhnuithe sin, ba cheart an Coimisiún a

[1] IO L 2025/ …, ......2025, lch. …, ELI: https://data.europa.eu/eli/dec/2025/...../oj).

chumhachtú, faoi réir coinníollacha sonracha substainteacha agus nós imeachta, chun iad a fhormheas thar ceann an Aontais de réir nós imeachta simplithe.

(7) Ba cheart don Chomhairle seasamh an Aontais a bhunú maidir leis na modhnuithe ar an bPrótacal atá beartaithe. Déanfar na modhnuithe atá beartaithe a fhormheas mura rud é go ndéanann mionlach blocála de na Ballstáit agóid i gcoinne na leasuithe sin i gcomhréir le hAirteagal 16(4) den Chonradh ar an Aontas Eorpach.

(8) Ós rud é go maireann an Prótacal le São Tomé agus Príncipe ar feadh níos mó ná bliain airgeadais amháin, féadfar na gealltanais bhuiséadacha lena mbaineann a scaipeadh thar thréimhse an Phrótacail i gcás íocaíochtaí bliantúla, i gcomhréir le hAirteagal 112(2) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2].

(9) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42 de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3] agus thug sé tuairim uaidh an [dáta],

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, formheastar an Prótacal maidir le Cur Chun Feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir Poblacht Dhaonlathach São Tomé agus Príncipe agus an Comhphobal Eorpach (2025-2029) ('an Prótacal'), thar ceann an Aontais.

Tá téacs an Phrótacail i gceangal leis an gCinneadh seo mar Iarscríbhinn I.

*Airteagal 2*

I gcomhréir leis na forálacha agus na coinníollacha a leagtar síos in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gCinneadh seo, cumhachtaítear an Coimisiún leis seo, thar ceann an Aontais, modhnuithe ar an bPrótacal arna nglacadh ag an gComhchoiste arna bhunú faoi Airteagal 9 den Chomhaontú, a fhormheas.

[2] Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú) (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj

[3] Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n- aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a ghlactha[4].

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

4 Foilseoidh Ardrúnaíocht na Comhairle dáta theacht i bhfeidhm an Phrótacail in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

**RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH**

1. COMHTHÉACS AN TOGRA ........ 1
• Forais agus cuspóirí an togra ........ 1
• Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana ........ 1
• Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais ........ 2
2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT ........ 2
• Bunús dlí ........ 2
• Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach) ........ 2
• Comhréireacht ........ 2
3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR ........ 2
• Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana ........ 2
• Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara ........ 3
• Bailiú agus úsáid saineolais ........ 3
• Measúnú tionchair ........ 3
• Oiriúnacht rialála agus simpliú ........ 3
• Cearta bunúsacha ........ 4
4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA ........ 4
5. EILIMINTÍ EILE ........ 4
• Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe ........ 4
1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH ........ 10
1.1. Teideal an togra/tionscnaimh ........ 10
1.2. Réimsí beartais lena mbaineann ........ 10
1.3. Cuspóirí ........ 10
1.3.1. Cuspóirí ginearálta ........ 10
1.3.2. Cuspóirí sonracha ........ 10
1.3.3. An toradh agus an tionchar a mheastar a bheidh ann ........ 11
1.3.4. Táscairí lena léirítear torthaí agus tionchar ........ 11
1.4. Baineann an togra/tionscnamh le: ........ 11
1.5. Foras an togra/tionscnaimh ........ 11
1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh ........ 11
1.5.2. Luach breise a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais ........ 12
1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart ........ 12

1.5.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil agus sineirgí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile ..... 12
1.6. Fad an togra/tionscnaimh agus an fad a mhairfidh an tionchar airgeadais a bheidh aige ..... 13
1.7. Na modhanna atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme ..... 13
2. BEARTA BAINISTÍOCHTA ..... 14
2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe ..... 14
2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe ..... 14
2.2.1. An réasúnaíocht atá leis na modhanna cur chun feidhme buiséid atá beartaithe, leis na sásraí cur chun feidhme cistithe atá beartaithe, leis na módúlachtaí íocaíochta atá beartaithe agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe ..... 14
2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú ..... 14
2.2.3. Meastachán ar chostéifeachtacht na rialuithe agus an réasúnaíocht atá leis an gcostéifeachtacht sin (an cóimheas idir na costais rialaithe agus luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú), agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh an (tráth na híocaíochta agus an tráth a dhúnfar an clár) ..... 14
2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc ..... 15
3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH ..... 16
3.1. Na ceannteidil de chuid an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid caiteachais ar a n-imreofar tionchar ..... 16
3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe ..... 17
3.2.1. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe ..... 17
3.2.2. An t-aschur a mheastar a chisteofar le leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí ..... 20
3.2.3. Achoimre ar an tionchar a mheastar a imreofar ar leithreasuithe de chineál riaracháin21
3.2.4. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach ..... 23
3.2.5. Forléargas ar an tionchar a mheastar a imreofar ar infheistíochtaí a bhaineann le teicneolaíochtaí digiteacha ..... 25
3.2.6. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha ..... 25
3.2.7. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe ..... 25
3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam ..... 26
4. GNÉITHE DIGITEACHA ..... 26
4.1. Riachtanais a bhaineann le hábhar maidir le cúrsaí digiteacha ..... 26
4.2. Sonraí ..... 27
4.3. Réitigh dhigiteacha ..... 29
4.4 Measúnú idir-inoibritheachta ..... 29
4.5. Bearta chun tacú le cur chun feidhme digiteach ..... 29

## RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

### 1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

### 1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Phrótacail maidir le Cur Chun Feidhme (2025-2029) an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir Poblacht Dhaonlathach São Tomé agus Príncipe agus an Comhphobal Eorpach

### 1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

08 – Talmhaíocht agus Beartas Muirí

08 05 – Comhaontuithe comhpháirtíochta iascaigh inbhuanaithe (CCIInna) agus eagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh (ERBInna)

08 05 01 – Creat rialachais a bhunú le haghaidh gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanann soithí an Aontais Eorpaigh in uiscí tríú tíortha

### 1.3. Cuspóirí

#### *1.3.1. Cuspóirí ginearálta*

Trí chaibidlíocht a dhéanamh ar na comhaontuithe comhpháirtíochta iascaigh inbhuanaithe (CCIInna) le tríú tíortha agus iad a thabhairt i gcrích, comhlíontar an cuspóir ginearálta maidir le rochtain a thabhairt do shoithí iascaireachta an Aontais Eorpaigh ar limistéir iascaireachta tríú tíortha agus comhpháirtíocht a fhorbairt leis na tíortha sin d’fhonn saothrú inbhuanaithe acmhainne iascaigh a neartú lasmuigh d’uiscí an Aontais Eorpaigh.

Leis na CCIInna, áirithítear freisin comhsheasmhacht idir na prionsabail lena rialaítear an comhbheartas iascaigh agus na gealltanais a rinneadh faoi bheartais Eorpacha eile [úsáid inbhuanaithe acmhainní tríú tíortha, an comhrac in aghaidh na hiascaireachta neamhdhleathaí, neamhthuairiscithe agus neamhrialaithe (NNN), comhtháthú na dtíortha comhpháirtíochta sa gheilleagar domhanda, rannchuidiú le forbairt inbhuanaithe i ngach gné, agus rialachas polaitiúil agus airgeadais níos fearr ar iascaigh].

#### *1.3.2. Cuspóirí sonracha*

Cuspóir sonrach Uimh.º1

Cur le hiascaireacht inbhuanaithe in uiscí nach uiscí de chuid an Aontais iad, láithreacht Eorpach a choinneáil ar bun in iascaigh i bhfarraigí i bhfad i gcéin agus leasanna earnáil iascaigh na hEorpa agus tomhaltóirí a chosaint trí idirbheartaíocht agus CCIInna a thabhairt i gcrích le Stáit chósta, i gcomhréir le beartais Eorpacha eile.

Gníomhaíochtaí ABM/ABB lena mbaineann

08 05 01 – Creat rialachais a bhunú le haghaidh gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanann soithí an Aontais Eorpaigh in uiscí tríú tíortha

*1.3.3. An toradh agus an tionchar a mheastar a bheidh ann*

Le tabhairt i gcrích an Phrótacail Cur Chun Feidhme, leantar den chomhpháirtíocht straitéiseach i réimse an iascaigh idir an tAontas Eorpach agus São Tomé agus Príncipe agus treisítear í. Le tabhairt i gcrích an Phrótacail, cruthófar deiseanna iascaireachta le haghaidh soithí de chuid an Aontais i limistéar iascaireachta São Tomé agus Príncipe.

Ina theannta sin, leis an bPrótacal, is fearr a dhéanfar an acmhainn iascaigh a bhainistiú agus a chaomhnú, trí thacaíocht airgeadais (tacaíocht earnála) a chur ar fáil chun cláir arna nglacadh ar an leibhéal náisiúnta ag an tír chomhpháirtíochta a chur chun feidhme, go háirithe an Plean Cuimsitheach Iascaigh, faireachas a dhéanamh ar an iascaireacht neamhdhleathach agus an comhrac ina haghaidh agus tacaíocht a thabhairt d'earnáil an iascaigh ar mionscála.

Ar deireadh, leis an bPrótacal, cuirfear le saothrú inbhuanaithe na n-acmhainní muirí in São Tomé agus Príncipe agus le geilleagar iascaireachta São Tomé agus Príncipe, trí fhás gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bhaineann leis an iascaireacht a chur chun cinn agus dálaí oibre cuibhiúla a leagan síos.

*1.3.4. Táscairí lena léirítear torthaí agus tionchar*

Rátaí úsáide deiseanna iascaireachta (glacadh bliantúil na n- údaruithe iascaireachta mar chéatadán den infhaighteacht faoin bPrótacal).

Sonraí maidir le gabhálacha (bailiú agus anailísiú) agus luach tráchtála an Chomhaontaithe.

Ranníocaíocht le fostaíocht agus dálaí oibre cuibhiúla in earnáil an iascaigh agus le breisluach san Aontas agus le margadh an Aontais a chobhsú (go comhiomlán le CCIInna eile).

Tacaíocht leis an tír chomhpháirtíochta chun feabhas a chur ar thaighde, faireachas agus rialú ar ghníomhaíochtaí iascaireachta agus ar fhorbairt a hearnála iascaigh, go háirithe an earnáil a bhaineann le hiascaigh ar mionscála.

**1.4. Baineann an togra/tionscnamh le:**

☒ beart nua

☐ beart nua a leanann treoirthionscadal / réamhbheart[1]

☐ síneadh ar bheart atá ann cheana

☐ beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua

**1.5. Foras an togra/tionscnaimh**

*1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh*

Foráiltear go mbeidh feidhm ag an bPrótacal nua Cur Chun Feidhme go sealadach ón dáta a shíneofar é d'fhonn an tréimhse nach féidir oibríochtaí iascaireachta a dhéanamh lena linn a laghdú.

---

[1] Mar a thagraítear dó in Airteagal 58(2), pointe (a) nó (b), den Rialachán Airgeadais.

Leis an bPrótacal nua cuirfear creat ar fáil do ghníomhaíochtaí iascaireachta chabhlach an Aontais i limistéar iascaireachta São Tomé agus Príncipe, agus tabharfar údarú d'úinéirí soithí de chuid an Aontais iarratas a dhéanamh ar údaruithe iascaireachta chun dul i mbun iascaireachta sa limistéar sin. Ina theannta sin, leis an bPrótacal nua, cuirfear feabhas ar an gcomhar idir an tAontas Eorpach agus São Tomé agus Príncipe d'fhonn forbairt ar bheartas iascaigh inbhuanaithe i ngach gné a chur chun cinn. Foráiltear ann, go háirithe, go ndéanfar faireachán ar shoithí trí VMS agus go dtarchuirfear sonraí gabhála go leictreonach. Leis an tacaíocht earnála atá ar fáil faoin bPrótacal, cuideofar le São Tomé agus Príncipe i gcomhthéacs a straitéise náisiúnta um iascach, lena n- áirítear an comhrac in aghaidh na hiascaireachta NNN, agus dálaí oibre cuibhiúla a chur chun cinn i ngníomhaíochtaí iascaireachta. Cuirfear tús leis an gcur chun feidhme tráth a shínithe agus ar feadh tréimhse 4 bliana.

1.5.2. *Luach breise a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais*

Mura dtabharfaidh an tAontas comhaontú nua i gcrích, ní fhéadfaidh soithí de chuid an Aontais leanúint dá ngníomhaíochtaí iascaireachta ós rud é go bhfuil clásal sa Chomhaontú reatha lena n- eisiatar gníomhaíochtaí iascaireachta nach bhfuil sa chreat a shainítear le prótacal a ghabhann leis an gComhaontú. Dá bhrí sin, tá an luach breise do chabhlach fadraoin an Aontais Eorpaigh an-soiléir. Leis an bPrótacal, cuirtear creat ar fáil freisin maidir le comhar feabhsaithe idir an tAontas agus São Tomé agus Príncipe.

1.5.3. *Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

De thoradh na hanailíse ar ghabhálacha a fuarthas i limistéar iascaireachta São Tomé agus Príncipe san am atá thart, agus ar na measúnuithe agus ar an gcomhairle eolaíoch atá ar fáil, tá na Páirtithe in ann tonnáiste tagartha a shocrú le haghaidh tuinníní agus speicis cosúil le tuinnín arb ionann é agus 6500 tona in aghaidh na bliana le deiseanna iascaireachta le haghaidh 26 bhád saighne tuinníní agus 9 mbád spiléireachta. Socraíodh tacaíocht earnála ar ardleibhéal chun tosaíochtaí na straitéise iascaigh náisiúnta agus saothrú acmhainní nádúrtha a chur san áireamh.

1.5.4. *Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil agus sineirgí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile*

Na cistí a sholáthraítear mar chúiteamh airgeadais le haghaidh rochtain faoin CCII, is ioncam inmhalartaithe i mbuiséad náisiúnta São Tomé agus Príncipe iad. Mar sin féin, is gá cistí atá beartaithe le haghaidh tacaíocht earnála a leithdháileadh (de ghnáth trína thabhairt isteach sa dlí buiséadach bliantúil) ar an Aireacht atá freagrach as an iascach, chun na CCIInna a thabhairt i gcrích agus faireachán a dhéanamh orthu. Tá na hacmhainní airgeadais sin comhoiriúnach le foinsí maoinithe eile ó dheontóirí idirnáisiúnta eile chun tionscadail agus/nó cláir a dhéanamh ar an leibhéal náisiúnta in earnáil an iascaigh.

**1.6. Fad an togra/tionscnaimh agus an fad a mhairfidh an tionchar airgeadais a bheidh aige**

☑ **tréimhse theoranta**

– ☑Togra/tionscnamh is infheidhme ó dháta a shínithe in 2025 agus go ceann 4 bliana, go dtí 2029

– ☑ Tionchar airgeadais ó 2025 go 2028

☐ **tréimhse neamhtheoranta**

– Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh BBBB go BBBB,

– agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

**1.7. Na modhanna atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme[2]**

☑ **Bainistíocht dhíreach** a dhéanann an Coimisiún

– ☑ Ina ranna, lena n- áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;

– ☐ a dhéanann na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

☐ **Bainistíocht atá comhroinnte** leis na Ballstáit

☐ **Bainistíocht indíreach** trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

– ☐ tríú tíortha nó na comhlachtaí a d'ainmnigh siad;

– ☐ eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí);

– ☐BEI agus an Ciste Eorpach Infheistíochta;

– ☐ comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagail 211 agus 212 den Rialachán Airgeadais;

– ☐ comhlachtaí dlí phoiblí;

– ☐ comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go soláthraítear ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais dóibh;

– ☐ comhlachtaí arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit, ar comhlachtaí iad a bhfuil sé de chúram orthu comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a chur chun feidhme agus dá soláthraítear ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais;

– ☐ daoine a gcuirtear de chúram orthu bearta sonracha a chur chun feidhme in CBES de bhun Theideal V den Chonradh ar an Aontas Eorpach, ar daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha.

– *I gcás ina sonraítear níos mó ná modh bainistíochta amháin, tabhair sonraí sa roinn 'Nótaí' le do thoil.*

Nótaí

| |
|---|
| […] |

[2] Tá mionsonraí ar na modhanna bainistíochta agus tagairtí don Rialachán Airgeadais le fáil ar an suíomh gréasáin seo a leanas: [Rialachán Airgeadais an Aontais - an Coimisiún Eorpach](#).

## 2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

### 2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

Áiritheoidh an Coimisiún (AS MARE, i gcomhar lena *attaché* iascaigh, arb é atá freagrach as São Tomé agus Príncipe, agus i gcomhar le seirbhísí ábhartha an Choimisiúin), áiritheoidh sé go ndéanfar faireachán tráthrialta ar chur chun feidhme an Phrótacail a mhéid a bhaineann leis an úsáid a bhaineann oibreoirí as na deiseanna iascaireachta, sonraí gabhála agus comhlíonadh na gcoinníollacha maidir le tacaíocht earnála.

